# DEISEANNA GAIRME LE GAEILGE IN INSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH (CEARDLANNA PRAITICIÚLA SAN ÁIREAMH)

## DÉ CÉADAOIN, AN 1 SAMHAIN 2023
## AR LÍNE

## Mar chuid d'Oireachtas na Samhna

## CLÁR

[Tabhair faoi deara gur in am na hÉireann atá na hamanna a luaitear]

| | |
|---|---|
| 10.20 | **Clárú fíorúil** |
| 10.30 | **Fáilte** |
| 10.40 | **Cad iad na deiseanna atá ar fáil?**<br>Cuir i láthair ghearra ó chomhghleacaithe idirinstitiúideacha ar gach ceann de na cúig phríomhdheis atá ann do chainteoirí Gaeilge – aistritheoirí, ateangairí, dlí-theangeolaithe, profléitheoirí agus cúntóirí teanga. |
| 11.30 | **Forbhreathnú ar na cúrsaí ábhartha tríú leibhéal in Éirinn**<br>Triúr cainteoirí – cur i láthair faoi chúrsaí aistriúcháin; cur i láthair faoi chúrsaí a dhíríonn ar an dlí agus ar an nGaeilge; agus cur i láthair faoi chúrsaí ateangaireachta comhdhála. |
| 11.55 | **Sos** |
| 12.15 | **Céard faoin tsaorobair?**<br>Cur síos gearr ar na cineálacha deiseanna saoroibre atá ar fáil agus na bealaí éagsúla a n-úsáideann na hinstitiúidí an seachfhoinsiú. |
| 12.25 | **Tréimhsí oiliúna agus roinnt leideanna faoi chéim an iarratais**<br>Cur i láthair gearr lena spreagfar iarratasóirí chun breathnú ar na roghanna go léir, lena n-áirítear cúrsaí oiliúna, mar aon le roinnt leideanna maidir le céim an iarratais.<br><br>Cur i láthair gearr faoi chlár intéirneachta Rialtas na hÉireann. |
| 12.45 | **Forléargas ar an mbealach a n-oibreoidh seisiúin na gceardlann** |
| 12.50 | **Sos** |

| | |
|---|---|
| 14.00 | **SEISIÚN CEARDLAINNE I**<br>Cuirfear na rannpháirtithe isteach sa cheardlann is rogha leo – beidh 2 cheardlann ann le haghaidh aistritheoirí agus ceardlann amháin ann le haghaidh ateangairí, profléitheoirí, dlítheangeolaithe agus cúntóirí teanga. Is comhghleacaithe ó institiúidí an Aontais Eorpaigh a dhéanfaidh gach ceann de na ceardlanna a óstáil. |
| 15.00 | **DEIREADH SHEISIÚN CEARDLAINNE I** |
| 15.00-15.15 | **Sos** |
| 15.15 | **SEISIÚN CEARDLAINNE II**<br>Cuirfear na rannpháirtithe isteach sa cheardlann is rogha leo – beidh 2 cheardlann ann le haghaidh aistritheoirí, agus ceardlann amháin ann le haghaidh profléitheoirí, dlítheangeolaithe agus cúntóirí teanga. Is comhghleacaithe ó institiúidí an Aontais Eorpaigh a dhéanfaidh gach ceann de na ceardlanna a óstáil. |
| 16.15 | **DEIREADH SHEISIÚN CEARDLAINNE II AGUS DEIREADH AN IMEACHTA DO NA RANNPHÁIRTITHE UILE** |